Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11098/26**

**ELARG 142**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 334 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE Pacáiste airgeadais le haghaidh na caibidlíochta aontachais le Montainéagró |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 334 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 334 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2026
COM(2026) 334 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

# Pacáiste airgeadais le haghaidh na caibidlíochta aontachais le Montainéagró

## 1 RÉAMHRÁ

Tugadh le fios i dTeachtaireacht 2025 maidir le beartas an Aontais[1] um méadú go dtíolacfaidh an Coimisiún dréachtphacáiste airgeadais, de réir an chleachtais sheanbhunaithe, má choinníonn Montainéagró luas an dul chun cinn ar bun maidir leis na hullmhúcháin do bhallraíocht san Aontas. Ó shin i leith, tá naoi gcaibidil bhreise dúnta go sealadach ag an Aontas agus ag Montainéagró, rud a fhágann gurb é 16 líon iomlán na gcaibidlí atá dúnta go sealadach agus go bhfuil obair fós á déanamh chun na cinn atá fágtha a dhúnadh.

Agus an dul chun cinn foriomlán atá déanta ag Montainéagró go dtí seo sa chaibidlíocht aontachais á chur san áireamh, soláthraítear leis an Teachtaireacht seo na príomhghnéithe de phacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró, rud a chuirfidh ar a cumas don Chomhairle na saincheisteanna sin a phlé in éineacht leis an obair ar na caibidlí atá fágtha. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh aontachas ann tráth éigin tar éis thús an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') eile, is é sin, CAI 2028–2034. Dá bhrí sin, tá an pacáiste airgeadais seo bunaithe ar an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile[2], agus an dearadh atá beartaithe do bheartais inmheánacha an Aontais amach anseo, chomh maith leis an bpacáiste nua acmhainní dílse, á gcur san áireamh[3]. Ar an mbonn sin, cuirfidh an Coimisiún dréacht-chomhsheasamh don chaibidlíocht maidir le forálacha airgeadais agus buiséadacha faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin (caibidil 33).

Leis an Teachtaireacht seo cuirtear le prionsabail na bpacáistí airgeadais le haghaidh babhtaí méadaithe roimhe seo, agus déantar coigeartuithe a shaincheapadh chun freastal ar aontachas Mhontainéagró laistigh den togra le haghaidh CAI 2028–2034, rud a fhágann go mbeidh tairbhí ann do na Ballstáit nua agus do na Ballstáit atá ann cheana araon. I gcás Mhontainéagró, cinntítear leanúnachas léi, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus cuirtear cosc ar bhearnaí cur chun feidhme díreach tar éis an aontachais, ar tráth criticiúil é. I gcás na mBallstát atá ann cheana, tugtar soiléireacht léi maidir le costas aontachas Mhontainéagró.

## 2 LEAGAN AMACH LE hAGHAIDH PACÁISTE AIRGEADAIS

I gcomhréir le cleachtas na mbabhtaí um méadú a bhí ann roimhe seo, cumhdaítear leis an bpacáiste airgeadais an t-imchlúdach airgeadais náisiúnta réamh-leithdháilte do Mhontainéagró ar thaobh amháin, agus an méadú ar uasteorainneacha na gCeannteideal CAI atá gan imchlúdaigh airgeadais réamh-leithdháilte ar an taobh eile. Mar a bhí sna méaduithe roimhe seo, áirithítear leis an bpacáiste airgeadais cearta agus oibleagáidí iomlána ó lá an aontachais ar aghaidh, is é sin, íocann an Ballstát nua ranníocaíochtaí iomlána le buiséad an Aontais agus tá rochtain aige ar chláir agus ar chistí uile bhuiséad an Aontais ó dháta an aontachais ar aghaidh.

I ndáil le himchlúdaigh réamh-leithdháilte i gCeannteideal 1 ('Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas tuaithe agus muirí agus slándáil na mbeartas inmheánach'), déanfar an cur chun feidhme ar bhonn Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí do gach Ballstát ('Plean CNR'), ar plean é atá bunaithe ar chuspóirí sa mhéid go ndéantar eisíocaíochtaí a nascadh le baint amach garspriocanna agus spriocanna réamhshainithe. Chun tíortha is iarrthóirí a ullmhú go leormhaith chun cistí inmheánacha a bhainistiú, tíolacfaidh na tíortha sin pleananna freisin faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda

[1] COM(2025) 690 final

[2] An Coimisiún, 'Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 (COM/2025/572 final)

[3] COM/2025/574 final

(dá ngairtear 'an Plean don Eoraip Dhomhanda' anseo feasta) faoin gceannteideal seachtrach (Ceannteideal 3 – 'an Eoraip Dhomhanda'), atá bunaithe ar chuspóirí freisin sa chiall chéanna agus atá faoi Cheannteideal 1[4]. Dá bhrí sin, tá an pacáiste airgeadais seo bunaithe go príomha ar an bplean sin, rud a áiritheoidh go leanfar de tacaíocht a chur chun feidhme, ó chistí réamhaontachais go cistí inmheánacha, ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach thíos.

Maidir le ríomh na méideanna lena méadaítear acmhainneacht ceannteideal agus clár atá gan leithdháileadh tírshonrach don tír is iarrthóir (an chuid eile de Cheannteideal 1 lasmuigh den Phlean CNR, Ceannteideal 2, Ceannteideal 3), cuirtear i bhfeidhm leis an ríomh sin eochair atá bunaithe ar theaglaim de 50 % daonra agus 50 % OTI i gcoibhneas le hAontas méadaithe. Tá an mhodheolaíocht sin mar an gcéanna leis an modheolaíocht a úsáideadh don chúigiú méadú in 2004, agus i ngach babhta méadaithe ina dhiaidh sin.

Leis an gcur chuige atá beartaithe, áiritheofar intuarthacht agus íoslaghdófar aon chur isteach ar chur chun feidhme tar éis an aontachais, gan dochar a dhéanamh do stádas oifigiúil Mhontainéagró mar Bhallstát nua. Freastalaítear leis ar an éiginnteacht a bhaineann le teacht i bhfeidhm an Chonartha Aontachais agus laghdaítear na costais do na Ballstáit atá ann cheana trí infhaighteachtaí a athúsáid le haghaidh Phlean Mhontainéagró don Eoraip Dhomhanda faoi Cheannteideal 3. Na figiúirí atá beartaithe, tá siad bunaithe ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, atá faoi chaibidil leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa[5]. Aon athrú le linn thogra CAI, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thorthaí an chistithe agus an chur chuige a dtugtar tuairisc orthu anseo.

Is i bpraghsanna reatha a shloinntear na figiúirí a sholáthraítear sa Teachtaireacht seo.

## 2.1 CEANNTEIDEAL 1: COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH, TALMHAÍOCHT, RATHÚNAS AGUS SLÁNDÁIL TUAITHE AGUS MUIRÍ

Tíolacfaidh gach Ballstát Plean CNR amháin, lena gcumhdófar réimsí beartais éagsúla amhail an comhbheartas talmhaíochta (CBT), an beartas comhtháthaithe, gnóthaí baile agus an comhbheartas iascaigh. Áireofar i bPlean CNR Mhontainéagró comhpháirt neamh-leithdháilte amháin, arb é a bheidh inti an t-imchlúdach is mó, a bheidh tiomnaithe do chuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha, lena n-áirítear an t-iascach agus pobail tuaithe, as a ndéanfar méid EUR 17,8 milliún a imfhálú don Chomhbheartas Iascaigh. Ina theannta sin, beidh dhá chomhpháirt imfhálaithe san áireamh sa Phlean CNR – an Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus acmhainní Gnóthaí Baile (imirce, bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach).

Ullmhófar Plean Mhontainéagró um an Eoraip Dhomhanda agus aird á tabhairt ar na ceanglais faoin Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR). Comhlíonfar leis an bplean na spriocanna caiteachais is infheidhme faoin Eoraip Dhomhanda. Tráth an aontachais, beidh plean Mhontainéagró a tíolacadh faoin Eoraip Dhomhanda ina chuid den Phlean CNR faoin gcomhpháirt neamh-leithdháilte chun aon bhearna cur chun feidhme a sheachaint ag tráth criticiúil dá bhallraíocht, agus beidh gá le hathbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh chun na comhpháirteanna CBT agus Gnóthaí Baile a chur leis. Cé go leanfaidh Montainéagró den phlean atá ann cheana a chur chun feidhme tar éis a aontachais, déanfar na

[4] COM/2025/551 final
[5] Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an rialacháin lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda (COM/2025/551 final), foráiltear EUR 200 309 000 000 i bpraghsanna reatha maidir leis an Ionstraim, a bhfuil EUR 43 174 000 000 de ceaptha le haghaidh cholún na hEorpa.

méideanna atá ar fáil faoin bplean a scálú de réir fhoirmle leithdháilte an Phlean CNR, lena n-áirítear na caidhpeanna ábhartha, agus maidir leis an gcistiú ar fad a íocfar ar bhonn garspriocanna agus spriocanna arna mbaint amach, íocfar go hiomlán i ndeontais é. Na costais a eascraíonn as sin faoi Cheannteideal 1, déanfar iad a fhritháireamh go páirteach trí na hacmhainní dá bhforáiltear maidir le Plean Eoraip Dhomhanda Mhontainéagró faoi Cheannteideal 3 de CAI a aistriú go Ceannteideal 1. I gcomhréir leis na sprioc-amanna arna mbunú leis an Rialachán maidir le Pleananna CNR, tíolacfaidh Montainéagró plean nua a bheidh go hiomlán i gcomhréir le rialacha an phlean CNR, lena n-áirítear na spriocanna caiteachais is infheidhme, plean lena gcumhdófar an chuid eile de CAI agus lena gcuirfear ar a chumas dó freagairt do riachtanais agus do dheiseanna nua a thiocfaidh chun cinn ó bhlianta tosaigh na ballraíochta.

Nuair a bheidh Montainéagró tagtha isteach san Aontas, déanfar é a chomhtháthú go hiomlán faoi Phlean CNR. Ní dhéantar a leithdháileadh airgeadais tar éis 2034 a chainníochtú laistigh den phacáiste airgeadais seo. An pacáiste airgeadais a chuirtear i láthair anseo, tá sé gan dochar do phacáistí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann d'iarrthóirí eile tráth níos déanaí, ina gcuirfear san áireamh na leibhéil tacaíochta do thíortha is iarrthóirí faoin Eoraip Dhomhanda agus, de réir Airteagal 174 CFAE, an gá atá le héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha atá nasctha le OTI *per capita*, i measc nithe eile, a laghdú, agus a n-acmhainneacht ionsúcháin á cur san áireamh an tráth céanna, chun leibhéil chomhsheasmhacha tacaíochta a áirithiú do gach Ballstát ionchasach nua.

Faoin togra le haghaidh Rialachán maidir le pleananna CNR, beidh na Ballstáit in ann iasachtaí a iarraidh mar chuid dá bpleananna. Féadfaidh Montainéagró iasachtaí a iarraidh freisin sa bhreis ar a imchlúdach airgeadais réamh-leithdháilte, laistigh de na hinfhaighteachtaí atá fágtha ag an bpointe sin.

***Plean CNR: Comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta, lena n-áirítear an t-iascach agus pobail tuaithe***

Déanfar an chomhpháirt neamh-leithdháilte de phlean Mhontainéagró a ríomh ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le pleananna CNR, agus cuirfear uaschaidhp agus líontán sábhála +5 % agus -20 %, faoi seach, i bhfeidhm an tráth céanna, i gcomparáid le himchlúdach 2021–2027 den chabhair réamhaontachais don tír. Ar bhonn na ríomhanna sin, is é a bheidh i gceist leis sin EUR 155 mhilliún in aghaidh na bliana, a maoineofar cuid de ó infhaighteachtaí buiséadacha faoi Cheannteideal 3. Beidh an méid beacht ag brath ar an gcomhaontú deiridh maidir leis an gcéad CAI eile agus na himchlúdaigh ghaolmhara. Ní bheidh aon tionchar ar imchlúdaigh réamh-leithdháilte le haghaidh na mBallstát atá ann cheana.

| **Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró** (EUR milliún, praghsanna reatha) | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 1** | | | | | | | | |
| Plean CNR | | | | | | | | |
| *ar cistí neamh-leithdháilte iad* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | ***1 085*** |

***Plean CNR: An Comhbheartas Talmhaíochta***

Áireofar sa Chomhbheartas Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo idirghabhálacha tacaíochta ioncaim (íocaíochtaí díreacha agus cineálacha eile idirghabhálacha tacaíochta ioncaim), chomh maith le hidirghabhálacha eile.

Ar an gcaoi chéanna le cur chuige an Aontais i leith na mbabhtaí um méadú a bhí ann roimhe seo, ba cheart an t-íosleibhéal bliantúil maidir leis na hidirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT a thabhairt isteach de réir a chéile thar thréimhse 10 mbliana, agus an sceideal incrimintí seo a leanas ag gabháil leo:

An chéad bhliain tar éis an aontachais: 40 %[6]

An dara bliain tar éis an aontachais: 44 %

An tríú bliain tar éis an aontachais: 48 %

An ceathrú bliain tar éis an aontachais: 52 %

In incrimintí 8 % ina dhiaidh sin chun an leibhéal tacaíochta is infheidhme in AE-27 a bhaint amach.

Agus an acmhainneacht ionsúcháin a mheastar a bheidh ag Montainéagró á cur san áireamh freisin, comhfhreagraíonn an t-imchlúdach bliantúil sin don íosmhéid nach mór a phleanáil maidir le hidirghabhálacha CBT, lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, agus an deis a bheith ag Montainéagró idirghabhálacha breise CBT a mhaoiniú as na hacmhainní neamh-leithdháilte a leagtar amach thuas.

| **Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró** (EUR milliún, praghsanna reatha) | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 1** | | | | | | | | |
| Plean CNR | | | | | | | | |
| *ar CBT iad* | *28,6* | *31,4* | *34,3* | *37,1* | *42,9* | *48,6* | *54,3* | ***277*** |

Tá an mhodheolaíocht atá ann faoi láthair gan dochar do na coinníollacha a leagtar síos i ndáil le CBT le haghaidh pacáistí airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo do thíortha eile is iarrthóirí, go háirithe don Úcráin.

[6] I gcás an phlean CNR, leis an íosmhéid imfhálaithe don chomhbheartas talmhaíochta (CBT), maoineofar idirghabhálacha a chomhfhreagraíonn d’íocaíochtaí díreacha reatha le feirmeoirí agus do thacaíocht d’fhorbairt tuaithe araon. I gcás an Chomhbheartais Talmhaíochta atá ann faoi láthair, baineann 80 % de na méideanna iomlána CBT atá beartaithe le híocaíochtaí díreacha, agus baineann 20 % díobh le hidirghabhálacha forbartha tuaithe. Déanfar an 80 % a thabhairt isteach ina chéimeanna de réir an sceidil chéanna incrimintí a cuireadh i bhfeidhm maidir le méaduithe ó 2004 i leith (25 %, 30 %, 35 %, 40 %, agus in incrimintí 10 % ina dhiaidh sin). Comhfhreagraíonn na huimhreacha a chuirtear i láthair anseo do thoradh an chur chuige sin, is é sin, 40 % don chéad bhliain agus é cothrom le 20 % + 25 % de 80 %.

***Plean CNR: Gnóthaí Baile***

Le haontachas Mhontainéagró, cruthófar teorainn sheachtrach nua de chuid an Aontais, as a dtiocfaidh riachtanais airgeadais nach beag i réimsí an bhainistithe teorainneacha, na himirce agus na slándála inmheánaí.

Ríomhfar na méideanna tagartha le haghaidh cistí Gnóthaí Baile ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le pleananna CNR. Ós rud é go mbeidh na riachtanais infheistíochta is géire ann – go háirithe maidir le bonneagar teorann agus slándáil inmheánach – roimh an aontachas agus sa tréimhse díreach tar éis an aontachais, ní áirítear sa togra cistí gnóthaí baile a thabhairt isteach de réir a chéile. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil srian fós ar chumas Mhontainéagró cistí a chur chun feidhme agus a ionsú sa réimse sin, cuirfear cistí ar fáil i bpróifíl chothrom 70 % den leithdháileadh iomlán le linn CAI 2028-2034. Leis an gcur chuige sin, baintear an chothromaíocht iomchuí amach idir, ar thaobh amháin, na teorainneacha praiticiúla a bhaineann leis an gcur chun feidhme, agus ar an taobh eile, an gá atá le teorainn sheachtrach an Aontais a chosaint agus an tslándáil inmheánach a neartú ón gcéad lá den aontachas ar aghaidh. Ar a bhonn sin, beidh gá le cistiú bliantúil breise EUR 84,5 milliún.

| **Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró** (EUR milliún, praghsanna reatha) | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 1** | | | | | | | | |
| Plean CNR | | | | | | | | |
| *ar Gnóthaí Baile iad* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | ***592*** |

***Ítimí eile faoi Cheannteideal 1***

Áirítear i gCeannteideal 1 ítimí eile gan imchlúdaigh réamh-leithdháilte le haghaidh gach Ballstáit. Áirítear leis sin an tSaoráid AE, Interreg, gníomhaireachtaí díláraithe, agus eile.

Bunófar Plean Interreg le linn na tréimhse 2028–2034, lena gcumhdófar comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach, agus comhar leis na réigiúin is forimeallaí. Tairbheoidh tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha de chistí comhair trasteorann faoin Eoraip Dhomhanda, cistí atá coibhéiseach leis an tacaíocht ó chistí Interreg atá á soláthar do na Ballstáit ar an taobh eile den teorainn ábhartha. Chun a áirithiú go leanfar de chláir um chomhar trasteorann agus chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht dhiúltach ar an gcistiú dá bhforáiltear maidir le AE-27, beidh gá le méadú foriomlán ar leithreasuithe le haghaidh Interreg.

Bunaítear leis an togra le haghaidh an chéad CAI eile 2028–2034 Saoráid AE atá comhdhéanta de shnáitheanna éagsúla, lena n-áirítear na Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta, na gníomhaíochtaí um Líontán Sábhála Aontachta agus Gnóthaí Baile, agus cúlchiste. Beidh rochtain ag Montainéagró ar an tSaoráid AE. Cé nach bhfuil imchlúdaigh airgeadais thírshonracha ann faoin tSaoráid AE, beidh gá le méadú foriomlán ar leithreasuithe chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar an gcistiú atá beartaithe le haghaidh AE-27.

Beidh gá le cistiú bliantúil breise chun comhpháirteanna ábhartha seachas an Plean CNR faoi Cheannteideal 1 a mhéadú i gcomhréir leis na luachanna a chuirtear i láthair sa tábla thíos.

| Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró (EUR milliún, praghsanna reatha) | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 1** | | | | | | | | |
| Plean CNR | | | | | | | | |
| *ar Interreg iad* | *0,0* | *6,3* | *6,4* | *6,5* | *6,6* | *5,5* | *5,6* | ***37*** |
| Eile | 13,0 | 11,8 | 11,7 | 12,1 | 11,8 | 12,5 | 12,8 | **86** |

## 2.2 CEANNTEIDEAL 2: IOMAÍOCHAS, RATHÚNAS AGUS SLÁNDÁIL

Foráiltear go mbeidh Montainéagró rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí agus i gcláir an Aontais ó thráth a aontachais ar aghaidh. Cé nach bhfuil imchlúdaigh airgeadais náisiúnta sonracha ann faoi na gníomhaíochtaí agus na cláir a chumhdaítear le Ceannteideal 2, beidh gá le méadú foriomlán ar leithreasuithe le haghaidh chláir AE chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar an gcistiú atá beartaithe le haghaidh AE-27. Beidh gá le cistiú bliantúil breise le haghaidh aontachas Mhontainéagró i gcomhréir leis na luachanna a chuirtear i láthair sa tábla thíos, agus beidh an cistiú sin bunaithe ar an modheolaíocht chéanna a úsáideadh chun leibhéal an mhéadaithe ar na cistí a bhí ar fáil do na beartais inmheánacha i méaduithe roimhe seo a chinneadh.

| Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró (EUR milliún, praghsanna reatha) | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 2** | **59,3** | **72,1** | **73,8** | **77,5** | **78,6** | **80,5** | **81,3** | **523** |

## 2.3 CEANNTEIDEAL 3: AN EORAIP DHOMHANDA

Tar éis an athbhreithnithe ar CAI agus aistriú na n-acmhainní atá ar fáil do Mhontainéagró go Ceannteideal 1, ní bheidh Montainéagró incháilithe a thuilleadh do chistiú ón Eoraip Dhomhanda faoi Cheannteideal 3. San am céanna, ba cheart colúin eile faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda seachas colún na hEorpa a threisiú go comhréireach. Beidh gá le cistiú bliantúil breise i gcomhréir leis na luachanna a chuirtear i láthair sa tábla thíos, agus beidh an cistiú sin bunaithe ar an modheolaíocht chéanna a úsáideadh chun leibhéal an mhéadaithe ar na cistí a bhí ar fáil do na beartais inmheánacha a chinneadh.

| Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró (EUR milliún, praghsanna reatha) | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 3** | **16,8** | **17,2** | **17,5** | **21** | **24,5** | **24,9** | **25,4** | **147** |

### 2.4 CEANNTEIDEAL 4: RIAR

Mar ab amhlaidh i méaduithe roimhe seo, ní chuirfear aon chaiteachas riaracháin i leataobh go sonrach le haghaidh Mhontainéagró. Mar sin féin, beidh gá le caiteachas riaracháin breise de thoradh aontachas Mhontainéagró, mar shampla, le haghaidh cur chun feidhme beartais agus riachtanais teanga araon. Agus an taithí a fuarthas ón méadú is déanaí á cur san áireamh, is é sin, aontachas na Cróite in 2013, meastar go mbeidh gá le cistiú bliantúil breise i gcás aontachas Mhontainéagró chun an méadú comhfhreagrach ar riachtanais foirne an Choimisiúin a chumhdach i gcomhréir leis na luachanna a chuirtear i láthair sa tábla thíos.

| **Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró** (EUR milliún, praghsanna reatha) | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | **27,1** | **48,4** | **70,5** | **71,9** | **73,3** | **74,8** | **76,3** | **442** |

## 3 CÚITEAMH

An prionsabal a comhaontaíodh sna méaduithe roimhe seo, is é sin, nár cheart go mbeadh an Ballstát i nglanriocht buiséadach níos measa sna chéad bhlianta den aontachas i gcomparáid leis an staid ina raibh sé bliain roimh an aontachas mar thairbhí cistí réamhaontachais, coinneofar an prionsabal sin ar bun.

Déanfar measúnú ar an ngá le cúiteamh buiséadach sealadach nó áis sreafa airgid thirim i bhfianaise thoradh deiridh na caibidlíochta aontachais ag an gcéim dheiridh di.

I gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh i gcás na dtíortha a rinne an méadú roimhe seo, foráiltear gur cheart feidhm iomlán a bheith ag an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse maidir le Montainéagró ón gcéad bhliain den aontachas ar aghaidh.

## 4 CREAT AIRGEADAIS 2028–2034 A CHOIGEARTÚ CHUN FREASTAL AR AONTACHAS MHONTAINÉAGRÓ

Beidh gá le coigeartú ar CAI 2028–2034 chun freastal ar thorthaí na caibidlíochta aontachais. Le hAirteagal 11 den Rialachán CAI atá beartaithe, foráiltear, i gcás aontachas Ballstát nua don Aontas, go ndéanfar CAI a athbhreithniú dá réir de bhun na gConarthaí Aontachais, chun na ceanglais chaiteachais a eascróidh as an aontachas sin don Aontas a chur san áireamh.

Beidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar CAI chun na hathruithe uile a dhéanamh ar na huasteorainneacha i gCeannteidil, chomh maith le haistrithe féideartha acmhainní i measc ceannteideal.

Cuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo an tábla ina leagtar amach an méadú measta ar chaiteachas CAI a mbeidh gá leis chun aontachas Mhontainéagró a chur san áireamh. Na méideanna arna ríomh, tá siad bunaithe ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI 2028–2034. I gcás inar gá, ba ghá iad a leasú chun na hathruithe ábhartha a eascraíonn as toradh na caibidlíochta maidir le CAI a léiriú.

## IARSCRÍBHINN

| Pacáiste airgeadais le haghaidh Mhontainéagró[7] (EUR milliún, praghsanna reatha) | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 1: Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, Talmhaíocht, Rathúnas agus Slándáil Tuaithe agus Muirí** | **281,1** | **289,0** | **291,9** | **295,3** | **300,8** | **306,1** | **312,2** | **2 076** |
| Plean CNR | 268,1 | 277,2 | 280,2 | 283,2 | 289,0 | 293,6 | 299,4 | **1 991** |
| *ar CBT iad* | *28,6* | *31,4* | *34,3* | *37,1* | *42,9* | *48,6* | *54,3* | ***277*** |
| *ar cistí neamh-leithdháilte iad* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | *155,0* | ***1 085*** |
| *ar Gnóthaí Baile iad* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | *84,5* | ***592*** |
| *ar Interreg iad* | *0,0* | *6,3* | *6,4* | *6,5* | *6,6* | *5,5* | *5,6* | ***37*** |
| Eile | 13,0 | 11,8 | 11,7 | 12,1 | 11,8 | 12,5 | 12,8 | **86** |
| **CEANNTEIDEAL 2: Iomaíochas, Rathúnas agus Slándáil** | **59,3** | **72,1** | **73,8** | **77,5** | **78,6** | **80,5** | **81,3** | **523** |
| **CEANNTEIDEAL 3: Eoraip Dhomhanda[8]** | **16,8** | **17,2** | **17,5** | **21,0** | **24,5** | **24,9** | **25,4** | **147** |
| **CEANNTEIDEAL 4: Riar** | **27,1** | **48,4** | **70,5** | **71,9** | **73,3** | **74,8** | **76,3** | **442** |
| **IOMLÁN NA gCEANNTEIDEAL 1–4** | **384,3** | **426,8** | **453,7** | **465,6** | **477,2** | **486,2** | **495,2** | **3 189** |
| *ar cistí a aistríodh ó Cheannteideal 3 iad[9]* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* | *iontráil mheabhráin* |

[7] Is sampla léiritheach é an tábla ar bhonn aontachas Mhontainéagró in 2028. I gcás ina dtarlaíonn an t-aontachas ag tráth níos déanaí le linn CAI, déanfar na figiúirí le haghaidh na gceannteideal a choigeartú. I gcás imchlúdaigh réamh-leithdháilte faoi Cheannteideal 1, chuirfí moill ar thús an chur chun feidhme, agus chomhfhreagródh an chéad bhliain tar éis an aontachais don leithdháileadh atá beartaithe le haghaidh 2028. Ar an gcaoi sin, bhainfí an bhliain dheireanach den tábla a bheag nó a mhór. I gcás míreanna eile gan imchlúdaigh réamh-leithdháilte, comhfhreagraíonn na blianta a léirítear do na riachtanais iarbhír maidir le coigeartú a dhéanamh. Má dhéantar an t-aontachas in 2029, ní dhéanfar aon choigeartú le haghaidh 2028, rud a fhágfaidh go mbeidh na blianta roimh an aontachas bainte den tábla a bheag nó a mhór.

[8] Ní léirítear ach colúin seachas colún na hEorpa den ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, ar colúin iad atá treisithe.

[9] Mar thagairt, tá an tacaíocht atá á soláthar do Mhontainéagró faoi láthair faoin CAI seo os cionn EUR 1 bhilliún, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthraítear i bhfoirm iasachtaí. Beidh an méid iarbhír a aistreofar ag brath ar an gcomhaontú deiridh maidir leis an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an t-imchlúdach airgeadais agus an chaoi a soláthrófar tacaíocht amach anseo, ar an mbuiséad agus an clárú airgeadais arna gcomhaontú ag na húdaráis bhuiséadacha sa chéad nós imeachta buiséadach bliantúil, agus ar dháta an aontachais iarbhír.